A Story from Seán Mac Mathúna

"Accelerated Curriculum": Part III

1. 'Cad eile, airiú, a Thaidhg Uí Chatháin, an bhfuileann tú simplí ar fad ar fad, agus trian de ar iarraidh cheana féin!' agus is mór an gáire a dheineadar. 'Sea, téir ó thuaidh go Cillín Tiarna, táid ag glacadh le lobhair ansin,' arsa siad.

2. As go brách leo ó thuaidh agus a chroí ina bhéal ag Tadhg. Rith an ráfla roimhe ní foláir mar nuair a bhain sé Cillín Tiarna amach bhí na corpáin go léir, gach ceann acu ina lobhar, is mantanna bainte astu ag feitheamh leo ag na geataí.

3. 'Fáilte roimh lobhair,' a dúradar. Ní róbhuíoch a bhí Tadhg.

4. 'É seo thuas orm an lobhar, is duine uasal mise,' ar seisean.

5. 'Is lobhar anois tú, is beidh do shrón bailithe léi i gceann cúpla seachtain,' ar siad. Bhéic Tadhg. Bheadh an tarna béic ligthe aige ach amháin gur chiceáil an lobhar sa ghabhal é. 'Éist do bhéal, a chladhaire, seo leat isteach is cuir sa chré mé.'

6. Thug muintir Chillín Tiarna Tadhg go dtí an áit istigh, thógadar aníos cúpla leac is shleamhnaigh an corpán anuas dá dhrom go breá socair isteach san uaigh a bhí bainte. Chaitheadar an chré anuas air is ansin na leaca. Bhí Tadhg ag scrúdú na srónach lena mhéara.

7. 'An lobhar mé dáiríre?' ar seisean d'éamh.

8. 'Sea,' arsa siad, 'ach dá gcrochfá tiúin ar an veidhlín os cionn na huaighe bheadh leat.'

9. 'Ach,' arsa Tadhg, 'ní fhéadfainnse...' Ní bhfuair sé aga diúltú mar cuireadh veidhlín isteach ina lámh. Léim na méara ar na sreanga amhail is gur leo an áit. An tiúin a chroch sé ná 'A Mhuire, coinnigh coinneal liom go mbearrfad cois an ghé', agus bhí sé chomh maith sin gur éirigh a thuilleadh de na mairbh chun éisteacht. Sa deireadh b'éigean dóibh an veidhlin a bhaint de mar bhí *notions* aige.

10. 'Buail cúpla steip amach ar leic na huaighe anois dúinn', arsa siad. Ní bhfuair sé aga cur ina gcoinnibh mar gur sheoladar anuas ar na leaca é. As go brách leis na bróga ag baint smúit as an aer go dtí gur scaoil sé ag croitheadh na gcos iad go léir. Sa deireadh thóg sé triúr corpán chun é a stopadh, bhí sé chomh tógtha sin leis féin.

11. 'An léifeá smut d'aifreann anois dúinn, a Thaidhg, chun nach dtiocfaidh sprid mo dhuine ar ais chun tú a scanrú?' arsa siad.

12. Ní raibh léamh aige gan trácht ar an Laidin, dúirt sé, ní fhéadfadh sé fiú amháin clog a bhualadh. Ach bhí fuar aige diúltú mar gan a thuilleadh moille bhí na veistmintí air agus é ag gearradh leis tríd an aifreann -- is an Laidin sna tuilte tréana as. *'Introibo ad altaram Dei, et cum spiritu tuo, in nomine patris ..., per omnia secula seculorum, amen?* Dhera éist, a dhuine! Is amhlaidh a bhí na corpáin an-bhródúil as, mise á rá leat. Ach ní fhéadfaidís é a stop. 'Seo libh go léir anois ar bhur nglúine go léifidh mé beannacht na heaglaise os bhur gcionn.' Ní raibh sé ach díreach tosaithe nuair a leag an ghaoth é is rug chun siúil é amach thar na crainn iúir is tríd an aer is na scamaill.